An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Dáta: 03/12/2018 **Uimhir an Chiorcláin:** 0083/2018

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc na nIar-bhunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Forbairtí a bhaineann leis an gcuraclam sa tSraith Shinsearach, ag tagairt go háirithe do na scoilbhlianta 2019/20 agus 2020/21, lena n-áirítear an scor d'Eacnamaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta

1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo eolas a thabhairt do scoileanna dara leibhéal faoi fhorbairtí a bhaineann leis an gcuraclam sa tsraith shinsearach, ag tagairt go háirithe do na scoilbhlianta 2019/20 agus 2020/21, lena n-áirítear an scor d'Eacnamaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta.

2. Sonraíochtaí Athbhreithnithe

Ullmhaíodh sonraíochtaí athbhreithnithe sna hábhair Ardteistiméireachta atá liostaithe thíos. Tiocfaidh na sonraíochtaí sin in ionad na sonraíochtaí atá ann cheana. Cuirfear tús lena gcur chun feidhme i mí Eanáir 2019 nó i mí Eanáir 2020.

Soláthróidh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí chun tacú le cur chun feidhme na sonraíochtaí athbhreithnithe.

Sonraíochtaí Athbhreithnithe Ábhair don Ardteistiméireacht	**Lena dtabhairt isteach do dhaltaí 5ú bliain**	**An chéad scrúdú Ardteistiméireachta**
Eolaíocht Talmhaíochta	Meán Fómhair 2019	Meitheamh 2021
Eacnamaíocht	Meán Fómhair 2019	Meitheamh 2021
Ealaín	Meán Fómhair 2020	Meitheamh 2022

3. Sonraíochtaí Nua

Ullmhaíodh sonraíochtaí nua do Ríomheolaíocht agus do Chorpoideachas. Is féidir le scoileanna iad a thairiscint mar ábhair bhreise roghnacha Ardteistiméireachta le haghaidh scrúdú. Tá líon beag scoileanna, mar atá 40 scoil i gcás Ríomheolaíochta agus 64 scoil i gcás Corpoideachais, ag glacadh páirt i gcur i bhfeidhm céadchéime na n-ábhar sin do dhaltaí a bheidh ag dul isteach sa chúigiú bliain sna scoilbhlianta 2018/19 agus 2019/20. Beidh daltaí sna scoileanna sin ag cur scrúduithe na hArdteistiméireachta i gcrích sna blianta 2020 agus 2021. Ó thús na scoilbhliana 2020/21 i leith, beidh na hábhair sin ar fáil do scoileanna ar mhaith leo iad a thairiscint. Eiseofar cumarsáid eile chuig gach scoil dara leibhéal go luath sa scoilbhliain 2019/2020 i dtaca le cur i bhfeidhm náisiúnta na n-ábhar sin.

Tacóidh cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a soláthróidh SFGM iad le cur chun feidhme na n-ábhar nua sin freisin.

Sonraíochtaí Nua	**Cur i bhFeidhm Náisiúnta - Lena dtabhairt isteach do dhaltaí 5ú bliain**	**An chéad scrúdú Ardteistiméireachta**
Ríomheolaíocht	Meán Fómhair 2020	2022
Corpoideachas na hArdteistiméireachta	Meán Fómhair 2020	2022

Ba cheart do scoileanna ar mhaith leo na sonraíochtaí nua sin a thabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith a chinntiú go bhfuil acu pearsanra teagaisc atá cáilithe go cuí, feistí digiteacha agus an bonneagar a theastaíonn chun iad a chur chun feidhme. Chuige sin, féadfaidh scoileanna úsáid a bhaint as cuid de na deontais Bhonneagar TFC arna n-íoc faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Ní chuirfear aon chistiú breise ar fáil. Tá sonraí ar fáil in Aguisín 1 faoi shonraíochtaí molta na bhfeistí digiteacha a theastaíonn.

4. Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí

Is é aidhm Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí (an Creat) tacú le múinteoirí foghlaim ar ardchaighdeán a phleanáil i gCorpoideachas do gach dalta sa tsraith shinsearach agus ní mheasúnófar é mar chuid de scrúdú na hArdteistiméireachta. Cabhróidh an Creat le scoileanna clár corpoideachais a dhearadh do dhaltaí Sraithe Sinsearaí, lena n-áirítear do na daltaí sin a roghnaíonn nó nach roghnaíonn Corpoideachas mar ábhar dá scrúdú Ardteistiméireachta. Tá an Creat bunaithe ar shé shamhail churaclaim agus tá sé deartha lena theagasc thar dhá bhliain nó trí bliana den tsraith shinsearach. Moltar go gcuirfí rang dúbailte nó a chomhionann ar fáil gach seachtain mar íoscheanglas le haghaidh Corpoideachas na Sraithe Sinsearaí a theagasc.

Faoi láthair, tá 40 scoil ag glacadh páirt i gcur i bhfeidhm céadchéime an Chreata sna scoilbhlianta 2018/19 agus 2019/20. Is féidir le gach scoil an Creat a léamh lena mbreithniú agus iad ag pleanáil Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí. Tiocfaidh sé in ionad na dtreoirlínte atá leagtha amach sna *Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna*, rud atá mar bhonn le corpoideachas sa tSraith Shinsearach i láthair na huaire. Eiseofar cumarsáid eile ina leith sin go luath sa scoilbhliain 2019/20.

Tá an Creat ar fáil lena léamh ag: https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Physical-Education-Framework.

5. Scor d'Eacnamaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta

Ba mhaith leis an Roinn a dheimhniú go scrúdófar Eacnamaíocht Talmhaíochta an uair dheiridh le linn scrúdú na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2020 do dhaltaí cúigiú bliain a chuir tús leis an ábhar i mí Mheán Fómhair 2018. Rinneadh an cinneadh sin i bhfianaise thabhairt isteach na sonraíochtaí athbhreithnithe in Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta agus in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta. Dá bhrí sin, ní bheidh an t-ábhar sin ar fáil le haghaidh scrúdú, ná le haghaidh teastasú dá bharr, do dhaltaí cúigiú bliain a bheidh ag cur tús le clár Ardteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2019.

6. Forbairtí amach anseo

In *'Déanann Teangacha Nasc'*, an Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026, tugtar gealltanas go dtosófar ar shonraíochtaí Ardteistiméireachta a fhorbairt i Mandairínis, i Sínis, i bPolainnis, i Liotuáinis agus i bPortaingéilis d'fhonn tús a chur lena gcur chun feidhme ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith agus iad a scrúdú den chéad uair i mí an Mheithimh 2022.

Tá sonraíochtaí athbhreithnithe á dtabhairt chun críche i Matamaitic Fheidhmeach na hArdteistiméireachta agus i Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta agus tá Tuairisceoirí Modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí á dtabhairt chun críche i mBéarla agus Cumarsáid, i TFC (Modúl Tús Eolais agus Speisialachas) agus i bhFeidhmeanna Matamaiticiúla.

Eiseofar cumarsáid eile in am is i dtráth maidir le cur chun feidhme na sonraíochtaí nua agus athbhreithnithe sin agus le cur chun feidhme na dtuairisceoirí modúil nua agus athbhreithnithe sin.

7. Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach

Tá tús curtha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) le hathbhreithniú ar chláir shraithe sinsearaí agus ar chonairí gairmoideachais, lena n-áirítear an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht Bhunaithe. Tá baint dhíreach ag sampla ionadaíoch 41 scoil le timthriallta comhairliúcháin tosaigh an athbhreithnithe, rud a bhfuil sé i gceist leis dhá thimthriall plé théamaigh ar oideachas sraithe sinsearaí a reáchtáil leis na scoileanna rannpháirteacha. Ag deireadh an dá thimthriall, reáchtáiltear seimineár náisiúnta a bhfreastalaíonn ionadaithe do na scoileanna rannpháirteacha agus do na comhpháirtithe oideachais air. Díríodh sa chéad cheann den dá thimthriall comhairliúcháin ar chuspóir na sraithe sinsearaí agus ar smaointeoireacht don todhchaí. Díríodh sa dara timthriall comhairliúcháin ar chonairí agus ar sholúbthacht. Déanfar tuarascáil achoimre ar phríomhfhionnachtana an dá thimthriall a tháirgeadh agus a fhoilsiú tar éis an dá sheimineár náisiúnta faoi seach. Beidh comhairliúchán poiblí ar siúl idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2019 agus tá an tuarascáil chomhairleach deiridh le foilsiú i mí an Mheithimh 2019.

Leis an athbhreithniú, tabharfar an deis dóibh siúd atá ag obair san earnáil oideachais agus don phobal i gcoitinne rannchuidiú le fís chomhroinnte a fhorbairt don tsraith shinsearach, ar fís í is féidir le CNCM a úsáid chun curaclam a mhúnlú a fhreastalaíonn ar riachtanais gach foghlaimeora go ceann i bhfad.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag: https://www.ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-review.

8. Doiciméid ghaolmhara

Maidir leis na sonraíochtaí do gach ceann de na hábhair atá le teagasc sa tSraith Shinsearach, forbraíonn CNCM iad agus ceadaíonn an tAire iad. Tá na sonraíochtaí go léir ar fáil faoi láthair ar http://www.curriculumonline.ie. Athrófar an suíomh chun dáta de réir mar a chuirtear sonraíochtaí nua agus athbhreithnithe ar fáil.

Tarraing aird bhord bainistíochta, phríomhoide agus fhoireann teagaisc do scoile ar an gciorclán seo. Tabhair cóip den chiorclán do na hionadaithe tuismitheoirí cuí freisin.

Eamonn Moran
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta
Nollaig 2018

AGUISÍN 1

1. **Corpoideachas na hArdteistiméireachta - feistí digiteacha a thacóidh le cur chun feidhme na sonraíochta**

Leis an tsonraíocht do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, tabharfar deis d'fhoghlaimeoirí staidéar a dhéanamh ar chorpoideachas do scrúdú na hArdteistiméireachta, agus ábhar roghnach breise Ardteistiméireachta á chur ar fáil ag an am céanna.

Cuid lárnach den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnacht i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta is ea an teicneolaíocht dhigiteach. De réir mar a fhoghlaimíonn daltaí i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta, bainfidh siad úsáid as uirlisí bogearraí éagsúla chun feidhmíocht i ngníomhaíocht choirp a ghabháil agus a anailísiú agus chun pleanáil le haghaidh an fheidhmíocht sin a fheabhsú.

Cuirtear an tsonraíocht i láthair ina dhá shnáithe a bhfuil trí chomhpháirt measúnachta acu: tionscadal gníomhaíochta coirp (20%), measúnú feidhmíochta (30%) agus an scrúdú scríofa (50%).

Chun an tionscadal gníomhaíochta coirp agus an measúnú feidhmíochta a chur i gcrích go héifeachtúil, beidh sé riachtanach úsáid éifeachtúil a bhaint as teicneolaíocht. Ceanglófar ar scoileanna acmhainní TFC a bheith ar fáil acu chun cur i gcrích na gcomhpháirteanna measúnachta éagsúla cúrsa i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta a éascú agus, maidir leis na hacmhainní sin, ceanglófar ar na scoileanna a chinntiú:

- go gcomhlíonfaidh siad na sonraíochtaí riachtanacha;
- go mbeidh siad ag teacht leis na saoráidí reatha stórála/óstála atá ann sa scoil;
- go gcabhróidh siad le sonraí a aistriú chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag an am riachtanach.

Is leagtha amach thíos atá na sonraíochtaí molta le haghaidh feistí digiteacha. Faoi rialacháin soláthair, ní fhéadfaidh an Roinn samplaí de chrua-earraí comhoiriúnacha a shonrú.

Na sonraíochtaí molta d'fheistí a theastaíonn ó dhaltaí chun comhpháirteanna measúnachta Chorpoideachas na hArdteistiméireachta a chur i gcrích

A. Feistí Digiteacha

- Scáileán 9-10 n-orlaí
- Stóras inmheánach 16 GB
    - Féadfar sliotán a bheith ag an bhfeiste chun an chuimhne a mhéadú
- Ceamara HD 1080P
- Taifeach scáileáin 1920 x 1200

Ní mór na feistí a bheith in ann na córais oibriúcháin seo a leanas a rith:

- Leagan Android 6.0 (Marshmallow) nó leagan níos nuaí
- iOS 8.1 nó leagan níos nuaí
- Windows 8.1 nó leagan níos nuaí

Tá an íos-sonraíocht sin bunaithe ar an gcumas chun bogearraí bunúsacha cruthaithe/eagarthóireachta meán agus bogearraí bunúsacha próiseála focal, cuir i láthair agus próiseála scarbhileog a rith.

B. Trealamh Breise TFC

Is mar seo a leanas atá na crua-earraí a theastaíonn ó gach scoil chun tacú le hábhar a uaslódáil ó na feistí digiteacha:

- Tiomántáin Sheachtracha 2x 4TB
- Mol/Ilphort USB
- Ríomhaire glúine a bhfuil scáileán 11 orlach agus stóras inmheánach 32 GB ar a laghad aige

2. Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta - trealamh a thacóidh le cur chun feidhme na sonraíochta

Tá trí shnáithe i gceist leis an tsonraíocht do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta. Tá Snáithe 3 comhdhéanta de cheithre Thasc Foghlama Feidhmí.

Beidh ar scoileanna líon dóthanach aonad micreaphróiseála a bheith acu chun cabhrú le múinteoirí agus le daltaí Tasc Foghlama Feidhmí 4 a chur i gcrích. Tá breac-chuntas tugtha thíos ar na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híosghnéithe d'aonad micreaphróiseála a bheadh ag teastáil chun na torthaí foghlama a bhaint amach laistigh den tsonraíocht do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta, agus go háirithe chun torthaí foghlama Thasc Foghlama Feidhmí 4 a bhaint amach.

Na sonraíochtaí molta d'Aonaid Mhicreaphróiseála a theastaíonn ó dhaltaí chun Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta a chur i gcrích

Mír Theicniúil	**Moladh**	**Faisnéis Bhreise**
RAM/Splanc-chuimhne	Go leor cuimhne chun na torthaí foghlama riachtanacha a bhaint amach.	Is é sin an spás ríomhchláir le haghaidh an t-aonad a ríomhchlárú. (De ghnáth, is leor 10 gcilibheart nó níos mó).
Clogluas	>= 4 MHz.	
Voltas an Chórais	3 – 5 V.	Is ionann leibhéil loighce nua-aimseartha agus 3.3 V.
USB/micrea-USB	Is inmhianaithe atá port dúchais USB amháin ar a laghad de chineál éigin.	Is inmhianaithe atá cumarsáid ó fheiste go feiste de chineál éigin.
Ionchuir/aschuir dhigiteacha agus analógacha	Rochtain in-ríomhchláraithe ar 4 cinn ar a laghad de phionnaí ionchuir/aschuir dhigitigh agus analógaigh.	Is féidir cláir briste amach (ar a dtugtar nascairí imill freisin) a úsáid chun an líon pionnaí ionchuir/aschuir a mhéadú.
Braiteoirí ar bord	Tá siad inmhianaithe ach níl siad riachtanach.	Is féidir braiteoirí nua-aimseartha a cheannach de réir mar is gá. Is féidir comhéadan braiteora a

		ghnóthú ach clár briste amach nó clár aráin de chineál éigin a úsáid.
Timpeallacht IDE/Ríomhchláraithe	B'inmhianaithe a bheadh saoráid Python/Javascript.	Is féidir go mbeidh sé riachtanach teangacha téacsbhunaithe nó blocbhunaithe eile a foghlaim.

Beidh formhór na leaganacha a eisíodh le déanaí de mhicreaphróiseálaithe nó de mhicriríomhairí ag sárú na moltaí thuas i ngeall le gach réimse. Ba cheart do scoileanna a chinntiú go bhfuil trealamh dóthanach acu lena gcuirfear ar a gcumas torthaí foghlama Thasc Foghlama Feidhmí 4 (torthaí foghlama 3.11 – 3.14) a bhaint amach go leordhóthanach. Tá sé ina riachtanas go rachaidh údaráis na scoile i ndáil chomhairle le múinteoir/múinteoirí Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta chun a mheas cad é an bealach is éifeachtúla is féidir an deontas a úsáid chun tacú le cur chun feidhme an ábhair.

De bhreis air sin, beidh ar scoileanna ríomhairí cuí a thabhairt do dhaltaí lena n-úsáid mar chuid de Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta. Is gá go mbeifear in ann leathanbhanda dar luas 100 meigighiotán sa soicind a rochtain le gach ríomhaire. Is féidir nach mbeidh gá ann le sonraíocht a leagan síos do riachtanais tiomántáin chrua i gcás go mbeidh córas néalstórála i bhfeidhm d'obair na ndaltaí.

Mír Theicniúil	**Na hÍosriachtanais Mholta**
Próiseálaí	Luas próiseála 1 GHz nó níos fearr
Cuimhne (RAM)	1 GB
Méid Scáileáin	20" do ríomhairí deisce. 15" do ríomhairí glúine.
Cárta Grafaice	FísRAM 512 MB nó níos fearr
Diosca Tiomántáin Chrua (HDD)	128 GB nó níos airde
Córas Oibriúcháin (OS)	Córas oibriúcháin a dtacaítear go hiomlán leis